Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Iúil 2021
(OR. en)

10335/21

EUMC 150
CSDP/PSDC 352
CFSP/PESC 657

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear síneadh le téarma oifige an Chathaoirligh ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh agus lena gceaptar an chéad Chathaoirleach eile ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh |

**CINNEADH (CBES) 2021/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear síneadh le téarma oifige an Chathaoirligh ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh agus lena gceaptar an chéad Chathaoirleach eile ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 240 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2001/79/CBES ón gComhairle an 22 Eanáir 2001 lena mbunaítear Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh[1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

[1] IO L 27, 30.1.2001, lch. 4.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh 2001/79/CBES, tá an Chomhairle chun an Cathaoirleach ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh ('an Coiste Míleata') a cheapadh ar mholadh ón gCoiste Míleata, ag teacht le chéile dó ar leibhéal na gCeann Cosanta. I gcomhréir leis an gCinneadh sin, 3 bliana a bheidh i dtéarma oifige Chathaoirleach an Choiste Mhíleata, mura gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt.

(2) An 20 Feabhra 2018, trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2018/297[1], cheap an Chomhairle an Ginearál Claudio GRAZIANO ina Cathaoirleach ar an gCoiste Míleata, go heisceachtúil, ar feadh tréimhse 3 bliana go leith, ón 6 Samhain 2018.

(3) Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Bealtaine 2021, moladh ag cruinniú an Choiste Mhíleata, ag teacht le chéile dó ar leibhéal na gCeann Cosanta, go gceapfaí an Ginearál Robert BRIEGER ina Chathaoirleach ar an gCoiste Míleata, go ceann tréimhse 3 bliana, dar tosach 1 Meitheamh 2022.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur le téarma oifige an Ghinearáil Claudio GRAZIANO mar Chathaoirleach an Choiste Mhíleata go dtí tús théarma oifige an Ghinearáil Robert BRIEGER.

(5) Ba cheart an Ginearál Robert BRIEGER a cheapadh ina Chathaoirleach ar an gCoiste Míleata ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (CBES) 2018/297 ón gComhairle an 20 Feabhra 2018 lena gceaptar an Cathaoirleach ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh (IO L 56, 28.2.2018, lch. 33).

*Airteagal 1*

Leis sin, cuirtear síneadh le téarma oifige an Ghinearáil Claudio GRAZIANO mar Chathaoirleach an Choiste Mhíleata go dtí an 31 Bealtaine 2022.

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar an Ginearál Robert BRIEGER ina Chathaoirleach ar Choiste Míleata an Aontais Eorpaigh ón 1 Meitheamh 2022 go dtí an 31 Bealtaine 2025.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa…

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*